

Seicliosta do phinsinéirí

Léirítear sa leabhrán seo roinnt sochar a bhféadfaidh tú mar phinsinéir bheith cáilithe lena n-aghaidh. Bain úsáid as an leabhrán agus seiceáil an bhfuil tú incháilithe le haghaidh:

Saorthaisteal

Saorthaisteal do Chompánach

Scéim Náisiúnta Breosla

Pacáiste Sochair Theaghlaigh (Liúntas Leictreachais, Liúntas Gáis Nádúrtha, Liúntas Cuntas Grúpa, Liúntas d'Athlán Gáis Bhuidéalaithe, Liúntas Teileafóin agus Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce)

Liúntas nó Sochar Cúramóra

Sochar Cóireála

Méadú ar Liúntas Maireachtála Aonair

Liúntas Leasa Forlíontach.

Nóta

Má tá tú 70 bliain d'aois nó os a chionn, féadfaidh tú an Pacáiste Sochair Theaghlaigh a fháil is cuma cén t-ioncam atá agat nó cé atá ina chónaí/ leat.

Féadfaidh tú é a fháil freisin má chomhlíonann tú coinníollacha áirithe.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Ó am go chéile athraítear na coinníollacha cáilíochta le haghaidh na scéimeanna seo againn. Seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh logánta nó le Seirbhísí Faisnéise féachaint an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilíochta (féach leathanach 14 le haghaidh sonraí teagmhála).

Bhí an t-eolas sa leabhrán seo ceart an t-am a cuireadh i gcló é.

Saorthaisteal

Féadfaidh tú do phas Saorthaistil a úsáid ar:

- Bhus Átha Cliath (ach amháin Nitelink agus seirbhísí speisialta aerfoirt),
- Bus Éireann,
- Iarnród Éireann (lena n-áirítear DART, seirbhísí na mbruachbhailte amuigh agus seirbhísí Idirchathrach),
- LUAS,
- seirbhísí áirithe bus phríobháidigh agus farantóireachta, agus
- seirbhísí áirithe trasteorann go dtí agus ó Thuaisceart Éireann.

Ní bheidh ar do chéile aon cheo a íoc le linn dó/di taisteal in éindí leat laistigh den Phoblacht nó ar aistear trasteorann.

Má tá tú 66 bhliain d'aois nó os a chionn, féadfaidh tú taisteal saor in aisce ar sheirbhísí iompair laistigh de Thuaisceart Éireann trí úsáid a bhaint as cárta Smartpass Sinsearach. Ba chóir duit foirm FTNI1 a chomhlánú chun Smartpass a fháil.

Má tá buanchónaí ort sna hOileáin Árann, féadfaidh tú líon **teoranta** de thicéid fillte a fháil go dtí Aerfort Chonamara. Bá tá buanchónaí ort in Oileán Tóraí, féadfaidh tú líon teoranta de thicéid fillte a fháil go dtí an Fál Carrach.

Nóta

Féadfaidh tú Pas Saorthaistil a fháil má tá tú 66 bhliain d'aois nó os a chionn agus má tá buanchónaí ort sa Stát.

Saorthaisteal do Chompánach

Má tá tú neamhábalta de réir an dochtúra taisteal i d'aonar, féadfaidh tú bheith cáilithe le haghaidh Pas Saorthaistil do Chompánach. Ceadaítear dá réir duine **amháin** 16 bhliain d'aois nó os a chionn bheith i do chuideachta saor in aisce ar thaisteal duit.

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi shaorthaisteal, féach leabhrán eolais SW 40.

Pacáiste Sochair Theaghlaigh

Grúpáiltear le chéile Liúntas Leictreachais, Liúntas Gáis Nádúrtha, Liúntas Cuntas Grúpa, Liúntas d'Athlán Gáis Bhuidéalaithe, Liúntas Teileafóin agus Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce mar Phacáiste Sochair Theaghlaigh lena mbaineann aon fhoirm iarratais amháin agus aon sraith amháin de choinníollacha cáilithe.

Nóta

Ní líúide do cheart más ann dó ar Liúntas Breosla tú a bheith ag fáil aon cheann de na híocaíochtaí seo.

Liúntas Leictreachais

Folaíonn an liúntas seo:

- gnáth-tháillí seasta,
agus
- suas le 2,400 aonad leictreachais in aghaidh na bliana. Is ionann sin agus 400 aonad leictreachais ar an bille do gach tréimhse dhá mhí ar feadh na bliana.

An túsce a cheadófar d'iarratas beidh an liúntas cuimsithe sa chéad bhille eile ón mBSL nó sa cheann ina dhiaidh agus cuirfear leis aon creidmheas siardhátaithe atá dlite duit.

Má tá méadar Nightsaver i do bhaile, laghdófar costas an leictreachais i do chuntas Nightsaver de réir líon na n-aonad leictreachais saor in aisce nár bhain tú úsáid astu.

Tabhair faoi deara **nach** gclúdaíonn an liúntas costas shuiteáil an tsoláthair leictreachais i do bhaile.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Liúntas Gáis Nádúrtha

Má tá do bhaile ceangailte le soláthar gáis nádúrtha féadfaidh tú liúntas a fháil dó sin seachas Liúntas Leictreachais.

Beidh feidhm ag an liúntas i leith do chuntas gáis nádúrtha ó thús na tréimhse billeála dhá mhí a thagann i ndiaidh do d'iarratas bheith ceadaithe againn.

Folaíonn an liúntas an táille sheasta agus

- cileavatuairanta ar chostas €0 go €48.50 i dtréimhsí billeála an tsamhraidh,
nó
- cileavatuairanta ar chostas €0 go €106.50 i dtréimhsí billeála an gheimhridh.

Is í €465 in aghaidh na bliana luach iomlán an liúntais.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Liúntas Cuntas Grúpa

Féadfaidh tú bheith cáilithe le haghaidh an Liúntas Cuntas Grúpa má tá cónaí ort i gcóiríocht ghlanscartha (árasán) agus má tá méadar sliotáin agat nó más tiarna talún an tomhaltóir gáis nó leictreachais cláraithe ag an seoladh atá agat.

Cén chaoi a bhfeidhmítear Liúntas Cuntas Grúpa

Íocfar an liúntas ar bhonn míosúil do do chuntas in institiúid airgeadais nó, má tá cárta leasa shóisialaigh agat, don oifig phoist is rogha duit.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Liúntas d’Athlán Gáis Bhuidéalaithe

Beidh tú cáilithe le haghaidh Liúntais d’Athlán Gáis Bhuidéalaithe más amhlaidh gur ghnách duit bheith cáilithe le haghaidh Liúntas Leictreachais nó Gáis Nádúrtha, ach:

- nach bhfuil do theach ceangailte le soláthar leictreachais, **nó**
- go mbaineann tú úsáid as gás nádúrtha ó fhoinse seachas an líonra gáis nádúrtha náisiúnta.

Cén chaoi a bhfeidhmítear an Liúntais d’Athlán Gáis Bhuidéalaithe

Íocfar an liúntas ar bhonn míosúil do do chuntas in institiúid airgeadais nó, má tá cárta leasa shóisialaigh agat, don oifig phoist is rogha duit.

Ní fholaíonn an liúntas costas ceannaithe nó fruilithe sorcóirí folaimh nó costas seachadta sorcóirí gáis.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Ceadúnas Teilifíse Saor in Aisce

Má fhaigheann tú an Pacáiste Sochair Theaghlaigh, beidh tú cáilithe le haghaidh ceadúnas teilifíse saor in aisce ón dáta ina dhiaidh sin is dáta athnuachana do cheadúnas teilifíse reatha láníoctha.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Liúntas Teileafóin

Is síntiús airgid maidir le do bhille teileafóin an liúntas teileafóin.

Féadfaidh tú a bheith cáilithe le haghaidh Liúntas Teileafóin cibé acu teileafón **le sreang** nó fón **soghluaiste** atá agat.

Má roghnaíonn tú teileafón **le sreang**, íocfar an liúntas mar creidmheas ar do bhille teileafóin.

Má roghnaíonn tú fón **soghluaiste** íocfar an liúntas ar bhonn míosúil do do chuntas in institiúid airgeadais nó, má tá cárta leasa shóisialaigh agat, don oifig phoist is rogha duit.

Is í €25.90 in aghaidh na bliana luach iomlán an liúntais.

Ní fholaíonn an liúntas costas suiteála an teileafóin nó costas ceannaithe fón soghluaiste.

Nóta

Féadfaidh tú bheith cáilithe le haghaidh Liúntas Teileafóin má tá tú 70 bliain d'aois nó os a chionn nó má tá tú i do chónaí i dteach altranais.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 107.

Scéim Náisiúnta Breosla

Liúntas Breosla

Íocfar Liúntas Breosla (€18.00 in aghaidh na seachtaine faoi láthair) ó mhí Mheán Fómhair go hAibreáin. Ní íocfar ach **aon** liúntas d'aon teaghlach amháin. Chun cáiliú le haghaidh an Liúntas Breosla ní mór duit bheith i do chónaí i d'aonar nó in éindí le daoine eile atá incháilithe agus ní mór do do theaghlach dul faoi scrúdú acmhainne.

Nóta

Féadfaidh tú liúntas a fháil faoin bPacáiste Sochair Theaghlaigh agus Liúntas Breosla a fháil ag an am céanna.

Liúntas Breosla gan Deatach

Is cúnaimh an liúntas seo (€3.90 in aghaidh faoi láthair) chun breosla gan deatach a cheannach i gceantair áirithe* ina bhfuil cosc ar dhíolachán breosla biotúmanach.

* An tInbhear Mór, Bré, Cill Droichid, Cathair Chorcaí, Droichead Átha, Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Cathair na Gaillimhe, Cathair Chill Chainnigh, Léim an Bhradáin, Cathair Luimnigh, Nás, Sligeach, Trá Lí, Cathair Phort Láirge agus Loch Garman

Tá tuilleadh sonraí maidir le coinníollacha cáilithe le haghaidh Liúntas Breosla agus Liúntas Breosla gan Deatach i leabhráin eolais SW 17 agus SW 17a.

Liúntas nó Sochar Cúramóra

Má tá duine ag tabhairt cúraim duit féadfaidh tú bheith cáilithe le haghaidh Liúntas nó Sochar Cúramóra. Ní mór go mbeidh tú i ndíth cúraim lánaimseartha agus cúnaimh mhinic maidir le do riachtanais phearsanta, a leithidí siúlóid agus bogadh timpeall, cóiriúchán, nó ithe agus ól.

Is íocaíocht atá faoi réir scrúdú acmhainne an Liúntas Cúramóra ach tá Sochar Cúramóra bunaithe ar thaifead ranníocaí ÁSPC do chúramóra.

Má tá do chúramóir cáilithe le haghaidh Liúntas Cúramóra gheobhaidh sé/sí Liúntas Leictreachais nó Gáis Nádúrtha, Liúntas Teileafóin, ceadúnas Teilifíse agus taisteal saor in aisce dó/di féin.

Féadfaidh chúramóirí a thugann cúram do níos mó ná duine amháin go lánaimseartha 50% den uasráta a fháil gach seachtain de bhreis ar Liúntas Cúramóra nó Shochar Cúramóra.

Ó mhí Mheán Fómhair 2007 ar aghaidh, féadfaidh chúramóirí a leath de ráta pearsanta an Liúntais Chúramóra a fháil i dteannta íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe. Féadfaidh siad a leath de ráta pearsanta an Liúntais Chúramóra a fháil freisin fiú má tá a c(h)eile ag éileamh méadú ar Liúntas do dhuine Fásta Cáilithe maidir leo ar a (h)íocaíocht leasa shóisialaigh.

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi Liúntais Cúramóra féach leabhrán eolais SW 41.

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi Shochar Cúramóra féach leabhrán eolais SW 49.

Sochar Cóireála

Sochair dhéadaigh agus radhairc, lionsaí tadhaill agus áiseanna éisteachta

Bíonn na sochair sin bunaithe ar do thaifead ÁSPC. Má bhíonn tú cáilithe le haghaidh na sochar sin tar éis an 60 bliain a bheith slánaithe agat fanfaidh tú de bheith cáilithe ar feadh do shaoil.

Féadfaidh go mbeidh do chéile cáilithe ar bhonn do thaifead ÁSPC le haghaidh na sochar seo más amhlaidh:

- go bhfuil a (h)ioncam faoi bhun teorainn áirithe (€76.18 in aghaidh na seachtaine faoi láthair),
nó
- go bhfuil sé/sí ag tuilleamh níos mó ná €76.18 in aghaidh na seachtaine agus go raibh sé/sí i do chleithiúnas díreach sular thosaigh nó sular fhill sé/sí ar fhostaíocht inárachais,
nó
- nach bhfuil sé/sí ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh as a c(h)earth féin (chomh maith le Sochar Cúramóra, Pinsean Míchumais, Liúntas Leasa Forlíontach nó Sochar Páiste),
nó
- go bhfuil sé/sí ag fáil Liúntas Cúramóra nó Pinsean Stáit (neamh-ranníocach) as a c(h)earth féin agus go raibh sé/sí i do chleithiúnas díreach sular fuair sé/sí an Liúntas nó an Pinsean seo.

Nóta do bhaintreacha mná agus do bhaintreacha fir

Má bhí do chéile i dteideal Sochar Cóireála tráth a b(h)áis agus má bhí tú ina gcleithiúnas ag an am fanfaidh tú incháilithe le haghaidh Sochar Cóireála go dtí go bpósfaidh tú in athuair.

Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi Shochar Cóireála, féach leabhrán eolais SW 24.

Méadú ar Liúntas Maireachtála Aonair

Is éard atá sa mhéadú seo breisiócaíocht sheachtainiúil is féidir a fháil má tá tú i do chónaí i d'aonar go hiomlán nó go príomha agus má tá tú 66 bliana d'aois nó níos mó.

Féadfaidh tú é a fháil má tá tú faoi bhun 66 bhliain d'aois, má tá tú i do chónaí i d'aonar go hiomlán nó go príomha agus má tá tú ag fáil Pinsean Easláine, Liúntas Míchumais, Forlíonadh Do-fhostaitheachta nó Phinsean na nDall.

Má chuireann tú iarratas isteach ar phinsean leasa shóisialaigh agus má scríobhann tú ar an bhfoirm go bhfuil tú i do chónaí i d'aonar go hiomlán nó go príomha, gheobhaidh tú an méadú seo go huathoibríoch a luaithe agus a gheobhaidh tú do phinsean.

Má bhí tú ag fáil pinsean uainn cheana féin agus más mian leat an Méadú ar Liúntas Maireachtála Aonair a éileamh, ba chóir duit iarratas a chur isteach tríd an bhfoirm iarratas LA 1 a chomhlánú.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 36.

Liúntas Leasa Forlíontach

Cuireann Liúntas Leasa Forlíontach bunliúntas seachtainiúil ar fáil do dhaoine áirithe atá ar bheagán nó gan ioncain. Mura bhfuil ioncam agat agus má tá tú ag fanacht ar íocaíocht leasa shóisialaigh nó íocaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Leasa Phobail ag oifig logánta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

De bhreis ar an mbunliúntas, féadfaidh tú cúnamh a fháil i bhfoirm:

- forlíontaí le haghaidh cíosa, ús morgáiste nó riachtanais chothaithe nó teasa,
- íocaíochtaí le haghaidh riachtanas eisceachtúla a bhféadfaidh tú a fháil le haghaidh caiteachas eisceachtúil nach b'fhéadfaí le réasún bheith ag súil leis go n-íocfá astu le do ghnáthioncam seachtainiúil,

agus

- íocaíochtaí le haghaidh riachtanas práinneach i gcúinsí géarchéime a leithéid tine sa teach nó tuile.

Le haghaidh tuilleadh sonraí, féach leabhrán eolais SW 54 nó téigh i dteagmháil leis an Oifigeach Leasa Phobail ag oifig logánta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Cá bhfaighidh mé tuilleadh eolais?

Gheobhaidh tú tuilleadh eolais maidir le seirbhísí leasa sóisialta nó leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais:

- ar an Idirlín ag www.welfare.ie,
nó
- ón Oifig Leasa Sóisialta logánta (féach rannán an Eolaire Stáit den eolaire teileafóin nó na Leathanacha Órga le haghaidh uimhreacha teagmhála),
nó
- trí ghlaoch teileafóin a chur ar Líne Iarrata Bileoige LoGhlao na Roinne ag **1890 20 23 25** (ó Phoblacht na hÉireann amháin),
nó
- trí ghlaoch teileafóin a chur ar Sheirbhísí Faisnéise ag LoGhlao **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+ 353 71 91 933133** (ó Thuaisceart na hÉireann nó ó thar lear).

Nóta

B'fhéidir go ngearrfaidh soláthraithe seirbhísí éagsúla táillí éagsúla i dtaca le huimhreacha 1890 (Loghlao).

Faisnéis do Shaoránaigh

Is comhlacht reachtúil an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh a chinntíonn soláthar faisnéise, comhairle agus stocaireachta maidir le réimse leathan na seirbhísí sóisialta agus sibhialta don phobal. Soláthraíonn sé an suíomh idirlín um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus thugann taca do líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus don tSeirbhís Fóin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie

LoGhlao 1890 777 121 (Luan-hAoine 9 r.n.-9 i.n.)

Ionaid Logánta (féach na Leathanacha Órga)

Cuirtear seirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh ar fáil i mbreis agus 250 ionad ar fud na tíre. Tá sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte an Ionaid Fhaisnéise do Shaoránaigh is gaire duit liostaithe sna Leathanacha Órga.